# Teicneolaíocht an Adhmaid

Nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid - An tSamhraidh 2022

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun múinteoirí a **spreagadh**, **cabhrú leo** agus **iad a chumasú** agus oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

## Dúshlán Náisiúnta Sheachtain na gCrann

Rinne JCt4, i gcomhar le Comhairle Crann na hÉireann, ceiliúradh ar Sheachtain Náisiúnta na gCrann (20 go 26 Márta) trí dhúshlán scoileanna a thabhairt déantán a chruthú a chuireann bithéagsúlacht chun cinn ina scoil nó ina gceantar féin. Gabhaimid buíochas leis na scoileanna go léir a ghlac páirt. Tá roinnt samplaí de dhéantáin a chruthaigh scoláirí le feiceáil thíos.







## Fáilte

Fáilte chuig eagrán an tSamhraidh de nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid JCt4. Dóibh siúd ar léitheoirí nua dár nuachtlitir sibh, tá fáilte romhaibh. Is féidir nuachtlitreacha roimhe seo a fheiceáil anseo. I mbliana, rinne muid éascaíocht ar **bhreis agus 1220** múinteoir Teicneolaíocht Adhmaid ó gach cearn den tír agus iad ag plé lena gcnuasach FGL ar líne. Bhí múinteoirí ag plé freisin le seimineáir ghréasáin agus le ceardlanna roghnacha éagsúla i rith na bliana. Más mian leat féachaint ar aon cheann de na hábhair ó cheardlanna FGL na bliana seo is féidir rochtain a fháil orthu anseo. Is féidir ár n-ábhar roghnach, amhail seimineáir ghréasáin, a fháil anseo freisin.

## Gearradh Léasair in Ábhair na dTeicneolaíochtaí

Le déanaí, reáchtáil foireann JCt4, i gcomhar le ATU Chonamara, imeachtaí ceardlainne ar líne ina ndearnadh iniúchadh ar úsáid éifeachtach gearrthóirí/bioracha greanta Léasair dar teideal *'Exploring Laser Cutting in the Technologies Subjects'*. Le linn na n-imeachtaí beo, fiosraíodh roinnt topaicí le múinteoirí. Níl sna híomhánna thíos ach sampla beag de roinnt físeáin a taifeadadh a léiríonn bunús an chineáil ábhair a ndearnadh iniúchadh air le linn na n-imeachtaí sin. Cliceáil anseo nó ar na híomhánna thíos chun rochtain a fháil ar na hacmhainní seo i rannán na Modúl Roghnach ar ár suíomh gréasáin.























## Ceardlanna 'Bíodh do shaol ar deil agat'

I gcomhar leis na hEalaíona sa tSraith Shóisearach, bhí an-áthas orainn na ceardlanna roghnacha seo a reáchtáil le Willie Creighton, an deileadóir adhmaid. D'fhreastail múinteoirí ar ocht gceardlann i dtrí láthair: Scoil Ruáin, Cill Náile, Co. Thiobraid Árann; WH Raitt & Sons, Srath an Urláir, Co. Dhún na nGall; agus An Stóras Siúinéireachta, An Nás, Co. Chill Dara. Táimid ag tnúth le tuilleadh ceardlann a sceidealú sa chéad bhliain acadúil eile.







## Tuarascáil Phríomhchigire na Roinne Oideachais




Clúdaíonn Tuarascáil an Phríomhchigire ó Chigireacht na Roinne Oideachais an tréimhse ó Mheán Fómhair 2016 go Nollaig 2020. Tugtar achoimre ann ar na príomhthorthaí ó obair chigireachta, chomhairleach agus thaighde a rinneadh i gcomhthéacsanna éagsúla oideachais. Díol spéise ar leith do mhúinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid, is ea na sonraí agus na breathnuithe a dhéantar maidir leis na hábhair Theicneolaíochta ar leathanaigh 156 - 158.

## CFL1/CFL2nna

Roimh an gcéad bhliain acadúil eile, b'fhéidir go mbeadh suim ag múinteoirí Teicneolaíocht Adhmaid an doiciméad thíos a fhiosrú 'Teicneolaíocht Adhmaid agus Cláir Foghlama Leibhéal 2 a Nascadh'.



## Coinnigh i dteagmháil

Cláraigh lenár liosta seoltaí anseo chun coinneáil suas chun dáta le nuacht JCt4 go léir agus

@JCt4ed

## 'Déanaimis Snoíodóireacht'

Ar 4 Aibreán, tharla ár nImeacht Foghlama an earraigh ar Líne *'Déanaimis Snoíodóireacht'*. San imeacht sin, rinne muid iniúchadh ar an gcaoi ar féidir le ceird na snoíodóireachta an Phríomhscil, A Bheith Cruthaitheach, a fhorbairt. Bhí plé againn freisin leis an múinteoir a bhíonn ag teagasc, Adrian Finlay, ar an gcaoi a meallann sé a chuid scoláirí chun na ceirde. Phléigh Adrian straitéisí teagaisc úsáideacha, agus teicnící próiseála. Taispeánadh ag an ócáid freisin taifeadtaí físe d'Adrian ag léiriú teicnící snoíodóireachta. Tá taifeadadh den seimineár gréasáin mar aon leis na físeáin taispeána ar fáil sa rannán Roghnach dár suíomh gréasáin nó trí chliceáil anseo nó ar na híomhánna thíos.





## Teicneolaíocht Adhmaid sa Nuacht!


Bímid i gcónaí ag faire amach d'ailt nuachta, físeáin agus láithreáin ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise daoibh féin agus do bhur scoláirí. D'fhéadfadh roinnt eispéiris spéisiúla foghlaimeora teacht ó na naisc thíos maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

***1.9*** *prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta* ***a léiriú*** *trí thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach.*
***2.6*** *sceitsí, líníochtaí agus samhlacha / fréamhshamhlacha* ***a tháirgeadh*** *chun smaointe dearaidh a fhiosrú.*
***3.12*** *an tionchar* ***a mheas*** *a bhíonn ar an gcomhshaol nádúrtha nuair a bhíonn ábhair á bhfoinsiú.*

Cliceáil ar na tíleanna íomhá thíos chun rochtain a fháil ar naisc/físeáin úsáideacha.




*Adhmadóireacht Intarsia.*



*Dearaí a Fhorbairt.*



*Cad is Dífhoraoisiú ann?*

## *Bain sult as an Samhradh!*

Ba mhaith leis an bhfoireann Teicneolaíocht Adhmaid buíochas a ghabháil leis na múinteoirí go léir a bhí ag plé lenár gceardlanna FGL, ár seisiúin roghnacha agus ár n-ábhair thacaíochta i rith na bliana. Guímid saoire shamhraidh thaitneamhach agus shuaimhneach oraibh agus táimid ag tnúth le leanúint orainn ag obair libh sa bhliain acadúil nua.




Le dea-mhéin
**Foireann Theicneolaíocht Adhmaid JCt4**